## Téarmaí agus Coinníollacha na dTicéad

Leagtar síos sna téarmaí agus coinníollacha seo an bonn faoinar féidir ticéid a cheannach do chuairt ar Mhúsaem Ard-Oifig an Phoist (an "Músaem"). Sna téarmaí agus coinníollacha seo, ciallaíonn na focail "tú", "do" agus a leithéid tusa, an custaiméir, agus ciallaíonn na focail "muid", "sinn", "ár" agus a leithéid GPO Museum IEC a bhfuil a sheoladh cláraithe ag Sráid Uí Chonaill Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.

Ach ticéid a cheannach le haghaidh an Mhúsaeim, admhaíonn tú gur léigh tú na téarmaí agus coinníollacha seo agus go dtoilíonn tú cloí leo agus a bheith faoina réir agus gur léigh tú faoin úsáid a bhainfear as an bhfaisnéis a chuireann tú ar fáil don mhúsaem agus go dtoilíonn tú léi.

Coimeádaimid an ceart againn i gcónaí cead isteach a dhiúltú.

### 1. Áirithint

1.1

Fút féin atá sé a sheiceáil, roimh thicéad a cheannach, go bhfuil an fhaisnéis a thug tú dúinn i leith an ticéid nó na dticéad cruinn agus ceart. Táimid freagrach as ticéid a eisiúint i gcomhréir leis an bhfaisnéis a thug tú dúinn, agus as sin amháin.

1.2

A luaithe is a cheannaítear ticéad, ní féidir é a athrú ná aisíocaíocht a thabhairt air. Ní féidir linn aisíocaíochtaí a dhéanamh ná ticéid a mhalartú ná a chur ar ceal.

Tugtar gach praghas in Euro agus tá gach cáin agus táille lena mbaineann san áireamh sa phraghas. Cé go gcoimeádaimid againn féin an ceart na praghsanna a ardú nó a laghdú am ar bith sula gcuirtear ticéad in áirithe, a luaithe is a dheimhnítear áirithint ní athrófar an praghas a luaitear sa ríomhphost deimhnithe.

1.3

Chun ticéad a cheannach nó a chur in áirithe le cárta creidmheasa nó dochair, teastaíonn cárta creidmheasa/dochair bailí i d'ainm, nó cead an duine nó na cuideachta dar eisíodh an cárta chun an cárta a úsáid, agus dóthain airgid chun gach táille a thabhaíonn tú a íoc. Glacaimid leis na modhanna íocaíochta seo a leanas: Visa, Mastercard, Discover & Diners, AMEX, JCB agus Union Pay, chomh maith leis na sparáin dhigiteacha Apple Pay agus Google Pay. Coimeádaimid an ceart againn féin diúltú don áirithint mura féidir d'íocaíocht bheartaithe le cárta creidmheasa nó dochair a phróiseáil ar chúis ar bith. Is fútsa atá sé a chinntiú gur féidir an cárta a thairgtear a úsáid chun na críche sin go dleathach.

1.4

A luaithe is indéanta go réasúnta i ndiaidh áirithint a dhéanamh ar líne, seolfaimid ríomhphost deimhnithe chugat ina ndeimhneofar dáta, am agus costas na háirithinte. Ba cheart an ríomhphost deimhnithe sin a choimeád. Ní mór an ríomhphost sin a thaispeáint nuair a thiocfaidh tú chun an Mhúsaeim.

1.5

Ní mór ríomhphost deimhnithe a bheith faighte agat ón Músaem chun áirithint bhailí a bheith agat má rinne tú áirithint ar líne. Ní ghlacaimid aon fhreagracht as seoltaí ríomhphoist neamhbhailí nó as neamhábaltacht ríomhphost a sheachadadh. Más rud é nach dtagann an deimhniú áirithinte in am trátha nó mura dtagann sé ar chor ar bith, ní mór é sin a chur in iúl dúinn agus ní mór iarraidh orainn an deimhniú áirithinte a sheoladh arís.

1.6

Nuair a cheannaíonn tú ticéad, ní mór é a úsáid ar an dáta a roghnaigh tú. Ní féidir ticéad a úsáid mura dtaispeántar ríomhphost deimhnithe bailí nó uimhir thagartha áirithinte. Beidh cead isteach ag cuairteoirí ag an am a luaitear ar an deimhniú áirithinte.

1.7

Ní mór duine fásta, atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, a bheith in éineacht le leanaí atá faoi bhun 16 bliana d'aois ó thús deireadh na cuairte.

1.8

Ní mór na ticéid a choinneáil i gcónaí agus a thaispeáint do dhuine d'fhoireann an mhúsaeim má iarrtar é sin. Duine ar bith a dhéanann iarracht dul isteach gan ticéad bailí, iarrfar air imeacht ón Músaem.

1.9

Ní féidir ticéad ar bith a athdhíol gan cead i scríbhinn a fháil uainn roimh ré. Má chreidimid go réasúnta gur athdhíoladh ticéad gan an cead sin, féadfar cead isteach a dhiúltú don sealbhóir nó féadfar iarraidh air dul amach as an Músaem gan íocaíocht ná cúiteamh. Beidh ár gcinneadh críochnaitheach ina leith sin.

1.10

Áirithintí le haghaidh grúpaí de dheichniúr nó níos mó ("áirithint ghrúpa"), ní mór iad a dhéanamh roimh ré. Déan teagmháil leis an oifig áirithintí ar ríomhphost ag info@gpomuseum.ie nó ar an bhfón ag + 353 (0) 1 872 1916 le linn uaireanta oifige.

## 2. Eolas do chuairteoirí

2.1 Ná tabhair an iomarca rudaí leat. Má mheastar go bhfuil bagáiste, lena n-áirítear málaí droma, scáthanna báistí móra agus earraí eile, rómhór nó go

bhféadfaidís dochar a dhéanamh don taispeántas, ní thabharfar cead isteach duit.

2.2 Níl cead isteach arís i ndiaidh an músaem a fhágáil.

2.3 Níl aon áit sa Mhúsaem chun earraí a stóráil.

2.4 NÁ FÁG earraí/málaí gan aon duine ina mbun ag am ar bith.

2.5 Tá cosc sonrach ar pheataí nó ar ainmhithe (cé is moite de mhadraí treorach agus madraí éisteachta) sa mhúsaem.

2.6 I gcomhréir le dlí na hÉireann, tá dianchosc ar chaitheamh tobac/vápáil sa mhúsaem féin agus sa chlós.

2.7 Coimeádaimid an ceart againn, dár lánrogha féin, cead isteach a dhiúltú nó duine ar bith a bhaint den áitreabh nó den chomharsanacht sna cásanna seo a leanas:

i. Iompraíonn an duine ar bhealach a d'fhéadfadh, i dtuairim fhoireann an Mhúsaeim, cur isteach ar shábháilteacht nó ar shásamh cuairteoirí eile, a d'fhéadfadh cur as do chuairteoirí eile, nó a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le contúirt nó le míshuaimhneas do dhaoine eile nó le damáiste don réadmhaoin.

ii. D'úsáid an duine friotal nó iompar bagrach, ionsaitheach nó maslach nó spreagann sé sárú na síochána ar bhealach ar bith nó déanann sé rud ar bith a d'fhéadfadh sárú na síochána a bhagairt.

iii. Meastar go bhfuil an duine faoi thionchar alcóil nó substaintí eile.

2.8 Ina theannta sin, i gcás ina ndearna an duine damáiste laistigh den Mhúsaem, ní mór dó íoc as aon chostas a thabhaítear mar gheall ar an iompar sin.

2.9 Coimeádaimid an ceart againn féin an dlí a chur ar aon duine a dhéanann damáiste d'aon chuid de mhaoin an Mhúsaeim nó a dhéanann aon chuid de mhaoin an Mhúsaeim a lot.

2.10 Tá meas againn ar shábháilteacht agus ar chompord ár gcuairteoirí thar aon ní eile. Chun cuairteoirí agus an fhoireann a chosaint, d'fhéadfaí scagadh slándála a dhéanamh ar chuairteoirí agus ar a sealúchas roimh dhul isteach san Mhúsaem. Tá liosta anseo thíos de nithe a bhfuil cosc orthu sa Mhúsaem. Ní liosta uileghabhálach atá ann, agus féadfar é a athrú agus a leasú ag am ar bith.

## 3. Áirítear na nithe seo a leanas i measc na n-earraí a bhfuil cosc orthu:

3.1 Gach arm, lena n-áirítear: airm thine, sceana, maiseití agus lasc-sceana, aon earra a mheastar mar a bheith contúirteach, aon earra dé-úsáide a d'fhéadfadh a bheith contúirteach. Meastar gur arm tine é sprae piobair in Éirinn agus, dá bhrí sin, tá sé mídhleathach é a bheith i do sheilbh agat.

3.2 I gcás ina n-aimsítear aon cheann de na hearraí sin le linn an chuardaigh, tógfar é agus tabharfar do na gardaí é.

3.3 Tá cosc ar shiosúir, earraí géara agus uirlisí freisin, agus tógfar ó chuairteoirí iad.

3.4 Pacáistí móra. Tá cosc ar chásanna, bagáiste láimhe agus birt mhóra eile.

3.5 Tá cosc ar chumhdaigh aghaidhe agus/nó ar fheistis atá deartha chun céannacht duine a cheilt.

## 4. Athruithe a dhéanaimid

4.1 Déantar gach iarracht cruinneas ár mbróisiúr agus ár n-ábhar clóite eile a chinntiú tráth a bhfoilsithe. Mar sin féin, nílimid freagrach as earráidí cló ná as athruithe ar thuras ag eascairt as imthosca gan choinne tar éis an t-ábhar a phriontáil.

4.2 Déanfaimid gach iarracht réasúnta chun a chinntiú go mbíonn an Músaem ar oscailt do chuairteoirí le linn gnáthuaireanta oscailte. Mar sin féin, coimeádaimid an ceart againn, faoinár lánrogha féin, bíodh sé chun críche sábháilteachta nó cothabhála nó eile, an t-ionad nó taispeántas nó aon chuid de a dhúnadh le fógra roimh ré nó gan fógra. Más rud é go gcuirtear cuairt custaiméara ar ceal toisc gur ghá an t-ionad a dhúnadh, déanfaimid ár ndícheall costas an ticéid réamhíoctha a aisíoc leis an gcustaiméir.

## 5. Teorainn le dliteanas

5.1 Déanfaimid ár ndícheall ár gcóras ceannaithe ticéad a chur ar fáil duit mar a leagtar amach sna Téarmaí agus Coinníollacha seo. Mar sin féin, ní bheidh aon dliteanas orainn i leith aon teip nó aon mhoill i bhfeidhmiú aon cheann dá oibleagáidí faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo más rud é gur ann don teip nó don mhoill sin mar gheall ort féin nó mar gheall ar imeacht nó ar imthosca nach bhfuil faoinár smacht againn go réasúnach nó toisc gur chuir tú féin nó imeacht nó imthosca den sórt sin leis an teip nó leis an moill sin (mar shampla, teip nó moill maidir le seoladh teachtaireachta nó cumarsáid trí líonra móibíleach, nó teip líonra teileachumarsáide, díospóid saothair, nó gníomh rialtais).

5.2 Cé is moite d’aon dliteanas dá dtagraítear i gclásal 5.3 thíos, an dliteanas comhiomlán uile atá orainn faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo nó i ndáil leo, bíodh sé sainráite nó intuigthe, agus tort (lena n-áirítear faillí ach gan bheith teoranta di sin), tá sé teoranta do phraghas ceannaigh na dticéad a cheannaigh tú. Ní bheimid faoi dhliteanas duit i gcás ar bith i leith aon chaillteanas nó damáiste, bíodh sé iarmhartach nó indíreach, lena n-áirítear caillteanas ioncaim, brabúis, úis, áirgiúlachta nó caillteanas margaidh ach gan bheith teoranta dóibh sin, cibé slí a eascróidh sé, i ndáil leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

5.3 Ní dhéanaimid ár ndliteanas i leith báis nó díobháil phearsanta de thoradh faillí nó calaois nó mífhaisnéis chalaoiseach dár gcuid a eisiamh ná a theorannú ar aon bhealach.

5.4 Tá gach custaiméir freagrach as aire a thabhairt dá earraí féin nuair atá sé in áitreabh an Mhúsaeim agus ní ghlacaimid le freagracht dhlíthiúil ar bith astu sin. Is ar phriacal eisiach an chustaiméara a thugtar gach trealamh leictreonach, mála, airgead, agus seic isteach san áitreabh.

## 6. Cosaint sonraí

Coinneoimid do chuid sonraí pearsanta. Ní úsáidfimid do chuid sonraí pearsanta ach chun na críche a leagtar amach inár mbeartas príobháideachais. Tá an beartas príobháideachais lé fáil ar an suíomh gréasáin www.gpomuseum.ie

## 7. Fístaifeadadh

7.1 Ó am go chéile, féadfaimid féin nó féadfaidh tríú páirtithe údaraithe eile tabhairt faoi ghrianghrafadóireacht agus/nó fístaifeadadh agus/nó monatóireacht eile sa Mhúsaem ina mbeadh cuairteoirí le feiceáil nó le cloisteáil. Cuir in iúl do dhuine den fhoireann más rud é nach mian leat a bheith san fhístaifeadadh ná sna grianghraif sin.

7.2 Tá fáilte roimh chuairteoirí gach ceamara, físcheamara nó fearas taifeadta eile a úsáid ar na tailte agus san áitreabh faoi réir an dlí. Mar sin féin, is le haghaidh úsáid bhaile agus phearsanta amháin na grianghraif nó na físeáin uile den sórt sin a thógtar agus ní dhíolfar, ní úsáidfear ná ní athúsáidfear iad chun aon chríche tráchtála, cibé acu is ar mhaithe le sochar é nó nach ea, gan cead sainráite i scríbhinn a fháil uainn roimh ré. Ní cheadaítear grianghrafadóireacht ach le haghaidh úsáid phríobháideach neamhthráchtála amháin agus tá grianghrafadóireacht ceadaithe gach áit ach amháin i gcás ina sonraítear a mhalairt ar fhógra. Ní cheadaítear scannánaíocht ná grianghrafadóireacht splaince.

## 8. Ginearálta

8.1 Bíodh is go ndéantar gach iarracht réasúnta chun cruinneas na faisnéise uile ar shuíomh gréasáin an Mhúsaeim a chinntiú, ní dhéanaimid aon uiríoll ná barántas, cibé acu go sainráite nó go hintuigthe, i ndáil le cruinneas nó comhláine na faisnéise sin.

8.2 Rialaítear na téarmaí agus coinníollacha seo le dlí na hÉireann agus déanfar iad a fhorléiriú dá réir, agus beidh éileamh ar bith a thógfar faoi na coinníollacha seo faoi réir dhlínse eisiach dhlí na hÉireann.

8.3 Cé go ndéanaimid gach iarracht chun ár suíomh gréasáin a chur ar fáil 24 uair an chloig in aghaidh an lae, ní bheimid faoi dhliteanas ar chúis ar bith mura mbíonn fáil ar an suíomh gréasáin am ar bith nó ar feadh tréimhse ar bith. Féadfar rochtain ar an suíomh gréasáin a chur ar fionraí go sealadach agus gan fógra i gcás ina dteipeann ar an gcóras, i gcás inar gá cothabháil nó deisiúchán, nó ar chúis ar bith eile. Ní dhéanann an Músaem barántas ná uiríoll go mbeidh úsáid an tsuímh nó na seirbhíse áirithinte gan cur isteach nó gan earráid, go mbeidh an t-inneachar ceart, cruinn nó iontaofa, ná go bhfuil an suíomh seo nó an freastalaí lena gcuirtear ar fáil é saor ó víris nó ó chomhpháirteanna díobhálacha eile.

8.4 Más rud é go bhfuil tú míshásta le gné ar bith den áirithint ar chúis éigin, iarraimid ort é sin a chur in iúl dúinn i scríbhinn agus é sheoladh chugainn ag Músaem Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2, nó ar ríomhphost chuig info@gpomuseum.ie.  Más féidir, sonraigh uimhir thagartha na háirithinte ábhartha mar aon leis an bhfaisnéis ábhartha eile ar fad.